RIALACHÁN (AE) 2021/1841 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Deireadh Fómhair 2021

lena leasaítear Iarscríbhinn II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar 6-beinsioladainín agus aimínipirilide i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1)(a) agus Airteagal 49(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás aimínipirilide, leagadh síos uasleibhéil iarmhar (MRLanna) in Iarscríbhinn III, Cuid A, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Níor leagadh síos aon MRL i gcás 6-beinsioladainín i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, agus toisc nach bhfuil an tsubstaint ghníomhach seo san áireamh in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin, tá feidhm ag an luach réamhshocraithe 0,01 mg/kg a leagtar síos in Airteagal 18(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) I gcás 6-beinsioladainín agus i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ([2]), chuir an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") tuairim réasúnaithe isteach maidir leis na MRLanna atá ann cheana. Mhol sé MRLanna a leagan síos ag an teorainn chinnidh ("LOD"). Ba cheart na MRLanna sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(3) I gcás aimínipirilide agus i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ([3]), chuir an tÚdarás tuairim réasúnaithe isteach maidir leis na MRLanna atá ann cheana. Mhol sé go n-athrófaí an sainmhíniú ar iarmhair a bhaineann le tráchtearraí de thionscnamh plandaí. Mhol sé na MRLanna a laghdú i gcás saill éanlaithe clóis. Mhol sé na MRLanna atá ann cheana a ardú nó a choinneáil i gcás táirgí eile. Ba cheart MRLanna na dtáirgí sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal atá ann cheana nó ag an leibhéal a shainaithin an tÚdarás.

(4) Na huasteorainneacha iarmhar Codex (CXLanna) atá ann cheana, cuireadh san áireamh iad i dtuairimí réasúnaithe an Údaráis. CXLanna atá sábháilte do thomhaltóirí an Aontais, is iad a rinneadh a mheas chun MRL a leagan síos.

(5) A mhéid a bhaineann le táirgí ar ina leith nach n-údaraítear úsáid an táirge cosanta plandaí agus nach bhfuil aon lamháltas i dtaca le hallmhairiú ná aon CXL ann ina leith, ba cheart MRLanna a leagan síos ag an LOD sonrach nó ag MRL réamhshocraithe, mar a fhoráiltear in Airteagal 18(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(6) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh maidir le hiarmhair lotnaidicídí a mhéid a bhaineann leis an ngá le LODanna áirithe a oiriúnú. A mhéid a bhaineann le roinnt substaintí lena mbaineann an Rialachán seo, tháinig na saotharlanna sin ar an gconclúid gur ghá LODanna sonracha a leagan síos le haghaidh forbairt theicniúil tráchtearraí áirithe.

(7) Ar bhonn na dtuairimí réasúnaithe ón Údarás agus na tosca a bhaineann leis an ábhar a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh air á gcur san áireamh, comhlíontar ceanglais Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 leis na modhnuithe iomchuí atá á mbeartú ar na MRLanna.

(8) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir le MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh na tuairimí uathu san áireamh.

([1]) IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

([2]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels for 6-benzyladenine according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana i gcás 6-beinsioladainín de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2020; 18(7): 6220.

([3]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels for aminopyralid according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana i gcás aimínipirilide de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2020; 18(8): 6229.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(10) Chun go mbeifear in ann margú, próiseáil agus tomhaltas táirgí a dhéanamh ar an ngnáthshlí, ba cheart go bhforálfaí leis an Rialachán seo maidir le socrú idirthréimhseach i gcás táirgí atá táirgthe sula modhnaítear na MRLanna agus ar ina leith a léiríonn an fhaisnéis go gcoinnítear leibhéal ard cosanta don tomhaltóir.

(11) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna modhnaithe ionas go mbeidh na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia in ann iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a thiocfaidh as an modhnú ar na MRLanna a chomhlíonadh.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leanfaidh Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a bhí sé sular leasaíodh é leis an Rialachán seo agus beidh feidhm aige maidir le táirgí a táirgeadh san Aontas nó a allmhairíodh isteach san Aontas roimh an 10 Bealtaine 2022.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 10 Bealtaine 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Deireadh Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn II, cuirtear na colúin seo a leanas le haghaidh 6-beinsioladainín agus aimínipirilide léi:

"**Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)**

Códuimhir	**Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonaira bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo** [a]	**6-Beinsiola-dainín**	**Aimínipirilid (an tsuim d'aimínipirilid , a salainn agus comhchuingigh, arna sloinneadh mar aimínipirilid) (R)**
(1)	(2)	(3)	(4)
0100000	**TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN**	**0,01** (*)	
0110000	**Torthaí citris**		**0,01** (*)
0110010	Seadóga		
0110020	Oráistí		
0110030	Líomóidí		
0110040	Líomaí		
0110050	Mandairíní		
0110990	Eile (2)		
0120000	**Cnónna crann**		**0,05** (*)
0120010	Almóinní		
0120020	Cnónna Brasaíleacha		
0120030	Cnónna caisiú		
0120040	Castáin		
0120050	Cnónna cócó		
0120060	Cnónna coill		
0120070	Macadaimia		
0120080	Cnónna peacáin		
0120090	Eithní cnónna péine		
0120100	Cnónna pistéise		
0120110	Gallchnónna		
0120990	Eile (2)		
0130000	**Torthaí póma**		**0,01** (*)
0130010	Úlla		
0130020	Piorraí		
0130030	Cainchí		
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach		
0130050	Locuatanna		

(1)	(2)	(3)	(4)
0130990	Eile (2)		
0140000	**Torthaí cloiche**		**0,01** (*)
0140010	Aibreoga		
0140020	Silíní (iad milis)		
0140030	Péitseoga		
0140040	Plumaí		
0140990	Eile (2)		
0150000	**Caora agus torthaí beaga**		**0,01** (*)
0151000	**(a) fíonchaora**		
0151010	Fíonchaora boird		
0151020	Fíniúnacha coiteanna		
0152000	**(b) sútha talún**		
0153000	**(c) torthaí cána**		
0153010	Sméara dubha		
0153020	Eithreoga		
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)		
0153990	Eile (2)		
0154000	**(d) torthaí beaga eile agus caora eile**		
0154010	Fraocháin		
0154020	Mónóga		
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)		
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)		
0154050	Mogóirí róis		
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)		
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil		
0154080	Caora troim		
0154990	Eile (2)		
0160000	**Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil**		
0161000	**(a) craiceann inite**		
0161010	Dátaí		**0,01** (*)
0161020	Figí		**0,01** (*)
0161030	Ológa boird		**0,05** (*)
0161040	Cumcuait		**0,01** (*)
0161050	Torthaí réaltúla		**0,01** (*)
0161060	Dátphlumaí Seapánacha		**0,01** (*)
0161070	Plumaí láva		**0,01** (*)
0161990	Eile (2)		**0,01** (*)

(1)	(2)	(3)	(4)
0162000	**(b) craiceann do-ite, é beag**		**0,01** (*)
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)		
0162020	Lítsíonna		
0162030	Páiseoga		
0162040	Piorraí deilgneacha		
0162050	Réalt-úlla		
0162060	Dátphlumaí Meiriceánacha		
0162990	Eile (2)		
0163000	**(c) craiceann do-ite, é mór**		
0163010	Abhacáid		**0,05** (*)
0163020	Bananaí		**0,01** (*)
0163030	Mangónna		**0,01** (*)
0163040	Papánna		**0,01** (*)
0163050	Pomagránaití		**0,01** (*)
0163060	Céiriomoighe		**0,01** (*)
0163070	Guábhaí		**0,01** (*)
0163080	Anainn		**0,01** (*)
0163090	Torthaí aráin		**0,01** (*)
0163100	Duraígh		**0,01** (*)
0163110	Úlla deilgneacha		**0,01** (*)
0163990	Eile (2)		**0,01** (*)
0200000	**GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE**		
0210000	**Glasraí fréimhe agus tiúbair**	**0,01** (*)	**0,01** (*)
0211000	**(a) prátaí**		
0212000	**(b) glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha**		
0212010	Casabhaigh		
0212020	Prátaí milse		
0212030	Ionaim		
0212040	Ararút		
0212990	Eile (2)		
0213000	**(c) glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra**		
0213010	Meacain bhiatais		
0213020	Meacain dhearga		
0213030	Soiliriac/soilire tornapa		
0213040	Meacain ragaim		
0213050	Bliosáin ghréine		
0213060	Meacain bhána		
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg		

(1)	(2)	(3)	(4)
0213080	Raidisí		
0213090	Salsabh		
0213100	Svaeideanna		
0213110	Tornapaí		
0213990	Eile (2)		
0220000	**Glasraí bleibíní**	**0,01** (*)	**0,01** (*)
0220010	Gairleog		
0220020	Oinniúin		
0220030	Seallóidí		
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil		
0220990	Eile (2)		
0230000	**Glasraí a thugann torthaí**	**0,01** (*)	**0,01** (*)
0231000	**(a) Solanaceae agus Malvaceae**		
0231010	Trátaí		
0231020	Piobair		
0231030	Ubhthorthaí		
0231040	Ocra		
0231990	Eile (2)		
0232000	**(b) guird a bhfuil craiceann inite acu**		
0232010	Cúcamair		
0232020	Gircíní		
0232030	Cúirséid		
0232990	Eile (2)		
0233000	**(c) guird a bhfuil craiceann do-ite acu**		
0233010	Mealbhacáin		
0233020	Puimcíní		
0233030	Mealbhacáin uisce		
0233990	Eile (2)		
0234000	**(d) arbhar milis**		
0239000	**(e) glasraí eile a thugann torthaí**		
0240000	**Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)**	**0,01** (*)	**0,01** (*)
0241000	**(a) praiseach bhlátha**		
0241010	Brocailí		
0241020	Cóilis		
0241990	Eile (2)		
0242000	**(b) praiseach chinn**		
0242010	Bachlóga Bruiséile		

(1)	(2)	(3)	(4)
0242020	Cabáistí cinn		
0242990	Eile (2)		
0243000	**(c) praiseach dhuilleach**		
0243010	Cabáistí Síneacha		
0243020	Cáil		
0243990	Eile (2)		
0244000	**(d) cálráibí**		
0250000	**Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite**		
0251000	**(a) leitísí agus plandaí sailéid**	**0,01** (*)	**0,01** (*)
0251010	Ceathrúna uain		
0251020	Leitísí		
0251030	Searbháin muc		
0251040	Biolair agus eascróga agus peacáin eile		
0251050	Biolair thalún		
0251060	Roicéad Rómánach/rucola		
0251070	Mustard dearg		
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)		
0251990	Eile (2)		
0252000	**(b) spionáistí agus duilleoga comhchosúla**	**0,01** (*)	**0,01** (*)
0252010	Spionáistí		
0252020	Puirsleáin		
0252030	Seardas/duilleoga biatais		
0252990	Eile (2)		
0253000	**(c) duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla**	**0,01** (*)	**0,01** (*)
0254000	**(d) biolair uisce**	**0,01** (*)	**0,01** (*)
0255000	**(e) sreabháin na Beilge**	**0,01** (*)	**0,01** (*)
0256000	**(f) luibheanna agus bláthanna inite**	**0,02** (*)	**0,02** (*)
0256010	Costóg		
0256020	Síobhas		
0256030	Duilleoga soilire		
0256040	Peirsil		
0256050	Sáiste		
0256060	Marós		
0256070	Tím		
0256080	Basal agus bláthanna inite		
0256090	Duilleog labhrais		
0256100	Dragan		
0256990	Eile (2)		

(1)	(2)	(3)	(4)
0260000	**Léagúim**	**0,01** (*)	**0,01** (*)
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)		
0260020	Pónairí (gan faighneoga)		
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)		
0260040	Piseanna (gan faighneoga)		
0260050	Lintilí		
0260990	Eile (2)		
0270000	**Glasraí gais**	**0,01** (*)	**0,01** (*)
0270010	Lus súgach		
0270020	Cardúin		
0270030	Soilirí		
0270040	Finéal Fhlórans		
0270050	Bliosáin chruinne		
0270060	Cainneanna		
0270070	Biabhóg		
0270080	Péacáin bhambú		
0270090	Croíthe pailme		
0270990	Eile (2)		
0280000	**Fungais, caonaigh agus léicin**	**0,01** (*)	**0,01** (*)
0280010	Fungais shaothraithe		
0280020	Fungais fhiáine		
0280990	Caonaigh agus léicin		
0290000	**Algaí agus orgánaigh phrócaróit**	**0,01** (*)	**0,01** (*)
0300000	**PISEÁNAIGH**	**0,01** (*)	**0,05** (*)
0300010	Pónairí		
0300020	Lintilí		
0300030	Piseanna		
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní		
0300990	Eile (2)		
0400000	**OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ**	**0,01** (*)	**0,05** (*)
0401000	**Olashíolta**		
0401010	Ros lín		
0401020	Piseanna talún		
0401030	Síolta poipín		
0401040	Síolta seasamain		
0401050	Síolta lus na gréine		
0401060	Síolta ráibe		
0401070	Pónairí soighe		

(1)	(2)	(3)	(4)
0401080	Síolta mustaird		
0401090	Síolta cadáis		
0401100	Síolta puimcín		
0401110	Síolta cróch bréige		
0401120	Síolta borráiste		
0401130	Caimilín		
0401140	Síolta cnáibe		
0401150	Pónairí ricne		
0401990	Eile (2)		
0402000	**Olathorthaí**		
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola		
0402020	Eithní pailme ola		
0402030	Torthaí pailme oila		
0402040	Capac		
0402990	Eile (2)		
0500000	**GRÁNAIGH**	**0,01** (*)	
0500010	Eorna		**0,15**
0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile		**0,05** (*)
0500030	Arbhar Indiach/arbhar		**0,05**
0500040	Muiléad coiteann		**0,05**
0500050	Coirce		**0,15**
0500060	Rís		**0,05** (*)
0500070	Seagal		**0,15**
0500080	Sorgam		**0,05**
0500090	Cruithneacht		**0,1**
0500990	Eile (2)		**0,05** (*)
0600000	**TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB**	**0,05** (*)	**0,05** (*)
0610000	**Taenna**		
0620000	**Pónairí caife**		
0630000	**Insiltí luibhe ó**		
0631000	**(a) bláthanna**		
0631010	Camán meall		
0631020	Roiseog		
0631030	Rós		
0631040	Seasmain		
0631050	Teile		
0631990	Eile (2)		

(1)	(2)	(3)	(4)
0632000	**(b) duilleoga agus luibheanna**		
0632010	Sú talún		
0632020	Rooibos		
0632030	Maité		
0632990	Eile (2)		
0633000	**(c) fréamhacha**		
0633010	Caorthann corraigh		
0633020	Ginsing		
0633990	Eile (2)		
0639000	**(d) aon chuid eile den phlanda**		
0640000	**Pónairí cócó**		
0650000	**Carúib**		
0700000	**LEANNLUSANNA**	**0,05** (*)	**0,05** (*)
0800000	**SPÍOSRAÍ**		
0810000	**Spíosraí ó shíolta**	**0,05** (*)	**0,05** (*)
0810010	Ainís		
0810020	Calaindí		
0810030	Soilire		
0810040	Lus an choire		
0810050	Cuimín		
0810060	Lus mín		
0810070	Finéal		
0810080	Feinigréag		
0810090	Noitmig		
0810990	Eile (2)		
0820000	**Spíosraí ó thorthaí**	**0,05** (*)	**0,05** (*)
0820010	Ilspíosra/pimeantó		
0820020	Piobar Szechuan		
0820030	Cearbhas		
0820040	Cardamam		
0820050	Caor aitil		
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)		
0820070	Fanaile		
0820080	Tamarain		
0820990	Eile (2)		
0830000	**Spíosraí ó choirt**	**0,05** (*)	**0,05** (*)
0830010	Cainéal		
0830990	Eile (2)		
0840000	**Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm**		

(1)	(2)	(3)	(4)
0840010	Liocras	**0,05** (*)	**0,05** (*)
0840020	Sinséar (10)		
0840030	Tuirmiric/curcuma	**0,05** (*)	**0,05** (*)
0840040	Meacain ragaim (11)		
0840990	Eile (2)	**0,05** (*)	**0,05** (*)
0850000	**Spíosraí ón mbachlóg**	**0,05** (*)	**0,05** (*)
0850010	Clóibh		
0850020	Caprais		
0850990	Eile (2)		
0860000	**Spíosraí ó phistil bláthanna**	**0,05** (*)	**0,05** (*)
0860010	Cróch		
0860990	Eile (2)		
0870000	**Spíosraí arail**	**0,05** (*)	**0,05** (*)
0870010	Maicis		
0870990	Eile (2)		
0900000	**PLANDAÍ SIÚCRA**	**0,01** (*)	**0,01** (*)
0900010	Fréamhacha biatas siúcra		
0900020	Cánaí siúcra		
0900030	Fréamhacha siocaire		
0900990	Eile (2)		
1000000	**TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN**		
1010000	**Tráchtearraí ó**	**0,01** (*)	
1011000	**(a) mucra**		
1011010	Matán		**0,1**
1011020	Saill		**0,1**
1011030	An t-ae		**0,05**
1011040	An duán		**1**
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		**1**
1011990	Eile (2)		**0,05** (*)
1012000	**(b) bó-ainmhí**		
1012010	Matán		**0,1**
1012020	Saill		**0,1**
1012030	An t-ae		**0,05**
1012040	An duán		**1**
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		**1**
1012990	Eile (2)		**0,05** (*)

(1)	(2)	(3)	(4)
1013000	**(c) caoraigh**		
1013010	Matán		**0,1**
1013020	Saill		**0,1**
1013030	An t-ae		**0,05**
1013040	An duán		**1**
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		**1**
1013990	Eile (2)		**0,05** (*)
1014000	**(d) gabhar**		
1014010	Matán		**0,1**
1014020	Saill		**0,1**
1014030	An t-ae		**0,05**
1014040	An duán		**1**
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		**1**
1014990	Eile (2)		**0,05** (*)
1015000	**(e) eachaí**		
1015010	Matán		**0,1**
1015020	Saill		**0,1**
1015030	An t-ae		**0,05**
1015040	An duán		**1**
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		**1**
1015990	Eile (2)		**0,05** (*)
1016000	**(f) éanlaith chlóis**		
1016010	Matán		**0,01** (*)
1016020	Saill		**0,01** (*)
1016030	An t-ae		**0,05** (*)
1016040	An duán		**0,01** (*)
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		**0,05** (*)
1016990	Eile (2)		**0,05** (*)
1017000	**(g) ainmhithe talún feirme eile**		
1017010	Matán		**0,1**
1017020	Saill		**0,1**
1017030	An t-ae		**0,05**
1017040	An duán		**1**
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		**1**
1017990	Eile (2)		**0,05** (*)
1020000	**Bainne**	**0,01** (*)	**0,02**
1020010	Eallach		
1020020	Caoirigh		
1020030	Gabhar		

(1)	(2)	(3)	(4)
1020040	Capall		
1020990	Eile (2)		
1030000	**Uibheacha éan**	**0,01** (*)	**0,01** (*)
1030010	An chearc		
1030020	Lacha		
1030030	Géanna		
1030040	Gearg		
1030990	Eile (2)		
1040000	**Mil agus táirgí beachaireacht eile (7)**	**0,05** (*)	**0,05** (*)
1050000	**Débheathaigh agus Reiptílí**	**0,01** (*)	**0,01** (*)
1060000	**Ainmhithe inveirteabracha talún**	**0,01** (*)	**0,01** (*)
1070000	**Ainmhithe veirteabracha talún fiáine**	**0,01** (*)	**0,01** (*)
1100000	**TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)**		
1200000	**TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)**		
1300000	**TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)**		

(*) teorainn cinnidh anailísigh níos ísle

([a]) Chun liosta iomlán na dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I

Aimínipirilid (an tsuim d'aimínipirilid , a salainn agus comhchuingigh, arna sloinneadh mar aimínipirilid) (R)

(R) Tá an sainmhíniú ar iarmhar éagsúil leis an gcomhcheangal códuimhreacha lotnaidicídí seo a leanas: Aimínipirilid - cód 1000000 seachas 1040000: aimínipirilid"

(2) in Iarscríbhinn III, Cuid A, scriostar na colúin le haghaidh aimínipirilide.